<u>**Scéim Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí**</u>

<u>**13 Iúil, 2011**</u>

**Na táillí reatha atá iníoctha le haturnae as comhairliúchán le duine atá á choinneáil nó á coinneáil i Stáisiún na nGardaí agus atá i dteideal leas a bhaint as Scéim Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí. -**

| **Sonraí faoin gCuairt** | **An Ráta is Iníoctha** |
|---|---|
| Cuairt idir 9rn agus 7in ó Luan go hAoine | €97.22 móide CBL |
| Cuairt idir 7in agus 9rn ó Luan go hAoine agus an lá ar fad ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc | €132.19 móide CBL |
| Comhairliúchán teileafóin | €39.59 móide CBL |
| Éisteacht maidir le Fadú | €201.50 móide CBL |

Tá táille iníoctha le haturnae i leith gach duine a choinnítear i Stáisiún na nGardaí agus a fhaigheann comhairle ó aturnae.

<u>**Costais Taistil**</u>

**Le héifeacht ón 13 Iúil 2011, beidh €0.24 in aghaidh an chiliméadair iníoctha maidir le costais taistil faoin Scéim.**

<u>**I gcás éileamh a rinneadh roimh an 13 Iúil 2011, beidh ráta €0.47 in aghaidh an chiliméadair iníoctha.**</u>

Íoctar costais taistil bunaithe ar an achar ó oifig an aturnae chuig Stáisiún na nGardaí nó ón áit a dtosaíonn an t-aturnae an turas chuig Stáisiún na nGardaí, <u>**cibé achar is lú.**</u> Ní íoctar ach tacar amháin costais taistil in aghaidh na cuairte chuig Stáisiún na nGardaí, is cuma faoi líon na ndaoine a gcuirtear comhairle orthu.